

Post oscailte

Cúntóir Bailiúcháin - Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann

Leibhéal Oifigeach Feidhmiúcháin, Post Lánaimseartha, Trí Bliana, ar

Théarma Seasta

—

Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais
An Aoine 14 Lúnasa 2026

...

Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífead leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfead an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: **Cúntóir Bailiúcháin, Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann**, lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Is conradh trí bliana ar théarma seasta é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

Teideal an Phoist

Cúntóir Bailiúcháin - Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann

Suíomh

Beidh sealbhóir an phoist lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 agus ó am go chéile in áiteanna eile ina mbeidh bailiúcháin Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann. D'fhéadfadh taisteal chuig suíomhanna eile de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann a bheith i gceist leis an bpost de réir mar is gá in amanna.

Ag obair faoi

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag tuairisciú do Choimeádaí Sheaniarsmaí na hÉireann nó d'aon Bhainisteoir Ard-Mhúsaem na hÉireann eile a cheapann Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Cuspóir an Phoist

Oibreoidh sealbhóir an phoist laistigh de Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann (IAD), ceann amháin de cheithre ranna coimeádaíochta in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá an IAD freagrach as Bailiúchán Náisiúnta Sheaniarsmaí na hÉireann mar aon le bailiúcháin ábhar Clasaiceacha, Éigipteacha agus Eitneagrafaíoch. Is rannóg ghnóthach í an IAD, atá gníomhach i mbainistiú an bhailiúcháin agus a chartlainne, cnuasaigh stóir a choimeád, taispeántais inmheánacha agus iasachta, tochailt seandálaíochta agus obair allamuigh, taighde agus foilsiú mar aon le feidhmeanna reachtúla áirithe a dhéanamh faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014, Acht na hOidhreacht Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023, agus reachtaíocht ghaolmhar.

Beifear ag súil go ndéanfaidh sealbhóir an phoist tascanna teicniúla laethúla a bhaineann leis an méid thuas, agus go mbeidh siad i ndlúth-theagmháil le foireann coimeádaíochta in IAD agus ar fud na hinstiúide chun spriocanna an phlean gnó bliantúil a bhaint amach.

Is é cuspóir ról an Chúntóra Bailiúcháin ná cuidiú le bainistíocht agus cothabháil laethúil na mbailiúcháin (cnuasaigh stóir agus bailiúcháin ar thaispeáint/ ar iasacht araon) de chuid Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann agus seirbhís den chéad ghrád a sholáthar do thaighdeoirí agus don fhoireann.

Dualgais agus Freagrachtaí

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:

- Cuidiú leis an gCoimeádaí agus foireann coimeádaíochta i mbainistíocht obair theicniúil Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann.
- Oibriú i gcomhar leis an bhfoireann coimeádaíochta chun ceannacháin a fuarthas le déanaí a phróiseáil, láithreacha a leagan amach, bailiúcháin a uimhriú go fisiceach agus iad a thaifeadadh agus a phacáil nuair is cuí.
- Tabhairt faoi gach gné laethúil a bhaineann le bainistíocht agus cothabháil na mbailiúchán ar taispeáint agus i dtaisce i gcomhpháirt leis an bhfoireann coimeádaíochta.
- Gníomhú mar éascaitheoir do thaighdeoirí agus iad a stiúradh i gcomhpháirt leis an bhfoireann coimeádaíochta.
- A áirithiú go bhfuil na soláthairtí riachtanacha ar fad ar fáil maidir le cúram na mbailiúchán, dul i mbun plé le comhghleacaithe i Rannóga Caomhnaithe agus Clárúcháin de réir mar is cuí.
- Oibriú i gcomhar leis an bhfoireann coimeádaithe lena áirithiú go bhfuil gach prótacal cuí á leanúint maidir le rialú suímh ar fud láithreán iomadúil ina gcoimeádtar bailiúcháin IAD.
- Réada do ghrianghrafadóireacht, léaráid nó cúiseanna eile a sheachadadh nó a iompar.
- Cuidiú le taispeántais agus iasachtaí a shuí.
- Tabhairt faoi bhainistíocht laethúil láithreáin réada i leith bailiúchán uile IAD.
- Réada le hiompar a phacáil mar is gá, i gcomhpháirt le comhghleacaithe caomhnaithe agus coimeádaíochta.
- Taisteal le haghaidh suiteáil iasachta nó cigireachtaí iasachta de réir mar is gá.
- Monatóireacht a dhéanamh ar bhail na mbailiúchán ar taispeáint agus i dtaisce i gcomhar leis an Rannóg Caomhnaithe
- Chun fódóireacht bhunúsach agus cothabháil na mbailiúchán a chur i gcrích.
- Dul i mbun plé le Roinn Saoráidí AMÉ lena áirithiú go bhfuil cúram iomchuí i bhfeidhm do bhonneagar na mbailiúchán.
- Taighdeoirí agus mic léinn ar socrú a stiúradh.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chonraitheoirí agus iad ag obair in áiteanna bailiúchán/taispeántas.
- An tsaotharlann i Sráid Chill Dara a bhainistiú i gcomhairle leis an Roinn Chaomhnúcháin.
- Cuidiú le IAD in obair allamuigh agus i dtionscadail bheaga tochailte nó i dtionscadail iarthochailte.
- Chun tabhairt faoi dhualgais ar bith eile atá oiriúnach don ghrád.

Sonraíocht Phearsanta

Bunriachtanais

- Bunchéim i Seandálaíocht nó i ndisciplín ábhartha a mheasann Ard-Mhúsaem na hÉireann a bheith iomchuí.
- Tiomantas do chaighdeán arda seirbhíse poiblí.
- Taithí ar láimhseáil réada, ar bhainistíocht bailiúcháin nó ar obair iarthochailte.

- Solúbthacht agus inoiriúnaitheacht.
- An cumas obair a dhéanamh go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann.
- Breithiúnas maith agus cinnteoireacht mhaith
- Sárscileanna TF
- Deaslámhacht agus inniúlacht amhairc.
- An cumas tascanna a chur i gcrích go cruinn agus le haird mhaith ar mhionsonraí.
- Sárscileanna eagrúcháin, lena n-áirítear an cumas faisnéis a bhailiú agus taighde a dhéanamh uirthi.
- Scileanna idirphearsanta den scoth.
- Bheith eolach maidir le bailiúcháin seandálaíochta.
- Ceadúnas tiomána glan iomlán.

Tá na cáilíochtaí seo a leanas inmhianaithe (ach níl siad bunriachtanach)

- Saineolaí maidir le Bailiúcháin Seandálaíochta na hÉireann.
- Saineolaí maidir le bailiúcháin mhúsaem.
- An cumas agus an toilteanas chun tuiscint a fhorbairt maidir le hobair Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann laistigh de chomhthéacs straitéiseach Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Taithí ar obair a dhéanamh i gcomhar le taighdeoirí agus le mic léinn.
- Eolas bunúsach maidir le hionstraimíocht eolaíochta.
- An cumas cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge (cumas scríofa agus labhartha).
- Eolas maidir le reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteacht.

Próiseas Roghnúcháin

Sa chás go bhfaightear líon iarratas a sháraíonn go mór an líon is gá chun na folúntais atá ann cheana agus a mheastar a bheidh ann amach anseo a líonadh thar shaolré an phainéil, féadfaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun líon iarrthóirí a roghnú a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh ar bhunús na faisnéise atá ina n-iarratais. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeadh sé ar a gcumas an post a chomhlíonadh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann ar bhonn an eolais a cuireadh ar fáil, cáilithe níos fearr, agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu.

Ní aisíocann Ard-Mhúsaem na hÉireann costas taistil chuig agallamh.

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith ina:

- (a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- (b) ina saoránaigh den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- (c) ina saoránaigh nach saoránaigh LEE iad ach ar céile nó leanbh de chuid saoránach LEE nó na hEilvéise iad agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
- (d) Duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- (e) Duine nach saoránach LEE é ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é atá ina shaoránach LEE, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Chun bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuasluaite a chomhlíonadh faoin dáta a ndéantar aon tairiscint poist.

Nóta maidir le saoránaigh RA: Deimhníodh sa chaibidlíocht faoin mBreatimeacht idir AE agus RA a tugadh chun críche le déanaí nach bhfuil aon athrú ar an gComhaontú um Chomhlimistéar Taistil a bhí ann le fada idir RA agus Éire tar éis an Bhreatimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh RA fós i dteideal oibriú agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bhrí sin, tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo má chomhlíonann siad na critéir cháilitheachta eile go léir. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an gComhlimistéar Taistil ar fáil [anseo](#).

Scéim Dreasaithe um Luathscor (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasachta um Luathscor (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go bhfuil cosc ar dhaoine atá ar scor, faoin Scéim, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní fhéadfaidh a leithéid de dhaoine a chuaigh ar scor cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonáí (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith athfhostaithe san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha ó chistí poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin VRS, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana i gceist, agus ina dhiaidh sin beidh gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil d'aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí:

Sa litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Comhaontú Comhchoiteann isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe d'fhostaíocht an athuair sa tseirbhís phoiblí ag comhlacht seirbhíse poiblí ar bith (de réir mar atá sainithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála 2009 - 2011) ar feadh thréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh aon athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh an rath a bheith orthu sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostaítear iad in aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

Dearbhú: Ceanglófar ar iarrthóirí a dhearbhu ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir na seirbhíse poiblí roimhe sin nó nár bhain. Ceanglófar ar iarrthóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu i leith sochar pinsin seirbhíse poiblí (in íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile a dhearbhu agus/nó i gcás ina bhfuil íocaíocht in ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an rannán folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach [Folúntais](#).

Céimeanna chun iarratas a dhéanamh:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Comhlánaigh na doiciméid atá ag teastáil agus nasc le chéile iad in aon PDF amháin mar aon le do CV agus do litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin an Mhúsaem chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#), aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh iarratas

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
An Aoine 14 Lúnasa 2026**

Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais dhéanacha. Cloífear leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**

Oifigeach Feidhmiúcháin - Príomh-choinníollacha seirbhíse

Pá:

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo: Scála RPP do Ghrád an Oifigigh Feidhmiúcháin (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024 – 2026 – Méadú 1% – 1 Meitheamh 2026):

€38,803	€40,764	€41,871	€44,030	€45,965	€47,838	€49,703
1	2	3	4	5	6	7
€51,534	€53,419	€55,296	€57,289	€58,624	€60,527 ¹	€63,227 ²
8	9	10	11	12 NMAX	13 LSI1*	14 LS12**

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

* Tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

**Tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

Tuarastal Tosaigh

Beidh iontráil ar leibhéal íosta an scála - **€38,803** in aghaidh na bliana, an 1^ú pointe ar Scála RPP Leibhéal Ghrád an Oifigigh Feidhmiúcháin (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024 – 2026 – Méadú 1% – 1 Meitheamh 2026). Féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais.

Fad na Fostaíochta

Ceapachán promhaidh a bheidh ann ar feadh bliana. Faoi réir ag comhlíonadh rathúil na tréimhse promhaidh, déanfar conradh ar théarma seasta a thairiscint le haghaidh dhá bhliain bhreise. Féadfaidh ceachtar taobh an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1991.

Saoire bhliantúil

Beidh **23** lá oibre ann mar shaoire bhliantúil sa bhliain. Tá an tsaoire seo bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear léi na gnáth-laethanta saoire poiblí.

Uaireanta Tinrimh

Socrófar uaireanta tinrimh ó am go chéile de réir comhaontuithe lárnacha ach ní bheidh siad níos lú ná 43.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine (35 ghlanuair an chloig in aghaidh na seachtaine). Tá uaireanta solúbtha oibre i gceist a thagann le beartas Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le huaireanta solúbtha oibre.

Aontóidh tú chun comhoibriú d'fhonn cuidiú le NMI taifead cruinn a choinneáil ar do chuid uaireanta oibre ar mhaithe le *hAlt 25 d'Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997*.

Dualgais

Beidh ort aon dualgais a d'fhéadfaí a shannadh duit ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost. Beidh an post lánaimseartha agus ní bheidh baint agat le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh

isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil. Aontaíonn tú chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus chun glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais, nó faoina bhféadfadh sé a bheith riachtanach iad a chomhlíonadh.

Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an státseirbhís. Beidh an té a cheapfar faoi réir bheartais an Ard-Mhúsaem maidir leis an gCód Caighdeán agus Iompair.

Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear an ceapachán. Go ginearálta, agus seachas i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (nár bhain téarmaí na scéime aonair leis) sna 26 seachtainí roimh an gceapachán (féach alt d thíos), ciallaíonn sé sin go ndéanfar ceapachán a thairiscint dóibh bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (“An Scéim Aonair”). Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

a. Aois Inphinsin

Is í an aois íosta dá bhfuil pinsean iníoctha ná 66 (ag éirí go 67 agus 68) ag teacht le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

b. Aois Scoir:

Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d’aois.

c. Laghdú Pinsin

- Más rud é go raibh an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus go bhfuil sé/sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís beidh feidhm ag gnáthrialacha faoi laghduithe. Mar sin féin, má bhí an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe sin agus más rud é gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocrúithe luathscoir deonacha (seachas faoin Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) nó Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS, a fhágann, mar a léirítear thuas, nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas) cuirfear deireadh leis an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thug an té a cheapfar a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an té a cheapfar a bheith incháilithe ina leith.
- Má bhí an duine a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí tabhair faoi deara go bhfuil foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 a leathnaíonn laghdú pinsin do gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí atá athfhostaithe sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil seo chun laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne i bhfeidhm an 1 Samhain 2012. **D’fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo d’aon duine a cheapfar sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó a bhfuil pinsean iarchurtha Sibhialta nó Seirbhíse Poiblí acu a bheidh iníoctha le linn a bhfostaíocht sa phost seo.**
- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach in Alt 10.2 agus in Alt 10.3 de

cháipéisíocht ábhartha an chiorcláin, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shnáitheanna 1, 2 nó 3** den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon chuid den earnáil phoiblí, **scorfar láithreach** d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (is é sin, ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

Dul ar Scor de thoradh Drochshláinte. Tabhair do d'aire sa chás go bhfuil duine scortha ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhorais drochshláinte go bhféadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha um scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim phinsin na fostaíochta sin.

d. Seirbhísigh Phoiblí Roimhe Seo

Cé gurb é ballraíocht sa Scéim Aonair atá sna téarmaí réamhshocraithe pinsin atá leagtha amach sna hailt roimhe seo, b'fhéidir nach mbeidh sé seo i gceist i gcás daoine áirithe a cheapfar. Tugtar sonraí iomlána na gcoinníollacha a rialaíonn cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina bhall den Scéim Aonair san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Mar sin féin is í an príomheisceacht (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) ná maidir **le hiarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin (nach raibh faoi théarmaí na scéime aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtaine ón am ar ghlac an t-iarrthóir leis an gceapacháin nach mbeadh an té sin ina bhall den Scéim Aonair de ghnáth.** Sa chás sin thairgfí ballraíocht sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim Fostaithe Stáit Neamhbhunaithe") d'iarrthóir dá leithéid. Chiallóidh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha laghdaithe ag (c) thuas, agus ina theannta sin bheadh impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin mar atá leagtha amach thíos:

e. Fabhrú Pinsin

Bheadh teorainn 40 bliain i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís iomlán ar féidir a áireamh i leith pinsin i gcás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. **D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar a thuill cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.**

f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsin de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí do Sheirbhísigh Phoiblí, féach ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: <http://www.per.gov.ie/pensions>

Saoire bhreiteachta

Féadfar pá iomlán a cheadú nuair a bhíonn duine as láthair de bharr breiteachta ach é sin a bheith deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann faoi mhíchumas buan maidir le seirbhís, agus is féidir é a cheadú suas go dtí 92 lá ar a mhéad in aon bhliain amháin agus ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir 183 lá saoire bhreiteachta ar a mhéad a bheith ann in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Ceanglófar ar an té a cheapfar sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlíte faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus beidh

íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir ag an oifigeach na héilimh riachtanacha a dhéanamh ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha riachtanacha ama.

Rúndacht oifigiúil agus sláine

Beidh an té a cheapfar faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997. Aontóidh an té a cheapfar gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe go háirithe faisnéis a bhfuil acmhainneacht tráchtála ag baint léi, le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

Réamhcheadú maidir le foilsiú

Aontóidh an té a cheapfar gan ábhar a bhaineann le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan chead a fháil roimh ré ó Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Gníomhaíocht pholaitiúil

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus polaitíocht.

Tuilleadh sonraí

Tá forálacha mionsonraithe maidir le téarmaí agus coinníollacha éagsúla eile, amhail catagóirí saoire (lena n-áirítear saoire mháithreachais, uchtála agus sláinte agus sábháilteachta), a bhféadfadh cuid acu nó gach ceann díobh a bheith ábhartha don duine a cheapfar, leagtha amach i gclár ábhar ar fáil ar www.personnelcode.gov.ie.

Is mar threoir amháin atá sé seo ceaptha. Eiseofar téarmaí agus coinníollacha iomlána mar chuid den chonradh fostaíochta.